Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11200/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0204 (NLE)**

**ECOFIN 943**
**UEM 383**
**FIN 818**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 379 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 8091/22 INIT; ST 8091/22 ADD 1) an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 379 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 379 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.7.2025
COM(2025) 379 final

2025/0204 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 8091/22 INIT; ST 8091/22 ADD 1) an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire**

{SWD(2025) 179 final}

2025/0204 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 8091/22 INIT; ST 8091/22 ADD 1) an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Bhulgáir an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 15 Deireadh Fómhair 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022[2]. Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle an 8 Nollaig 2023[3].

(2) An 16 Aibreán 2025, rinne an Bhulgáir iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiúin togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an a bhonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an mBulgáir.

***Caibidil REPowerEU bunaithe ar Airteagal 21c de Rialachán 2021/241***

(3) Áirítear sa chaibidil REPowerEU trí athchóiriú nua agus dhá infheistíocht nua. Le hathchóiriú 1 Creat rialachais maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh agus le léirscaoileadh an mhargaidh mhiondíola a ullmhú, is é an cuspóir atá ann aonad comhordúcháin a bhunú le haghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh agus tomhaltóirí fuinnimh leochaileacha a chosaint, agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin a chur chun feidhme le haghaidh léirscaoileadh mhargadh miondíola an leictreachais. Athchóiriú 2 Trédhearcacht nósanna imeachta maidir le nascacht le haghaidh

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.
[2] ST 8091/22 INIT; 8091/22 ADD 1.
[3] ST 15837/23 INIT; 15837/23 ADD 1.

acmhainní in-athnuaite agus acmhainní stórála, tá sé de chuspóir ag an athchóiriú sin an trédhearcacht a bhaineann le nósanna imeachta maidir le nascacht a mhéadú trí mapa a chruthú ar líne a léiríonn acmhainneacht na n-eangach leictreachais maidir le hóstáil agus a mbeidh rochtain ag an bpobal air. Athchóiriú 3 Feidhmiú an mhargaidh chothromúcháin a fheabhsú agus cuspóirí a bhaineann le héileamh agus freagairt a chumasú chun feidhmiú an mhargaidh chothromúcháin a fheabhsú sa Bhulgáir trí aontachas an Oibreoir Córais Tarchurtha ESO EAD leis an Ardán maidir le Comhordú Idirnáisiúnta ar Athbhunú Minicíochta Uathoibrithe agus ar Oibríocht Córais Chobhsaí agus anailís agus moltaí a ghlacadh i ndáil le bearta maidir le héileamh-freagairt a éascú. Faoi athchóiriú 1, cruthófar córas faisnéise chun teaghlaigh fhuinneamhbhochta agus teaghlaigh leochaileacha a shainaithint agus chun a stádas a dheimhniú. Le hinfheistíocht 3 cumhdaítear úsáid fuinnimh in-athnuaite agus feithiclí leictreacha agus seirbhísí sóisialta á soláthar.

(4) Sa chaibidil REPowerEU cumhdaítear beart méadaithe freisin, is é sin Infheistíocht 2 beart méadaithe: Bonneagar náisiúnta chun leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a stóráil (RESTORE) a dhéanann difear d'Infheistíocht 8 Bonneagar náisiúnta chun leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a stóráil (RESTORE) faoi chomhchuid 4 Geilleagar ísealcharbóin arb é is aidhm dó saoráidí stórála leictreachais ar scála na heangaí a shuiteáil. Leis an beart méadaithe a áirítear sa chaibidil REPowerEU, tugtar isteach feabhas substainteach ar leibhéal uaillmhéine an bhirt atá san áireamh cheana féin sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta.

(5) I bhfianaise an laghdaithe ar an ranníocaíocht uasta airgeadais arb é a bhí ann EUR 578 533 524 i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán STA, agus tar éis an leasaithe ar an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023, chuir an Bhulgáir san áireamh sa chaibidil REPowerEU Infheistíocht 4 Tacaíocht d'acmhainneachtaí nua do ghiniúint leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite agus do stóráil leictreachais, infheistíocht a bhí i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 cheana féin. Léiríodh an beart sin sa Chinneadh Cur Chun Feidhme sin mar Infheistíocht 6 Tacaíocht d'acmhainneachtaí nua do ghiniúint leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite agus do stóráil leictreachais faoi chomhchuid 4 Geilleagar ísealcharbóin.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(6) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Bhulgáir isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 82 bheart.

(7) Mhínigh an Bhulgáir nach féidir ocht mbeart a bhaint amach a thuilleadh toisc go bhfuil méadú suntasach tagtha ar chostas chur chun feidhme na mbeart mar gheall ar bhoilsciú. Baineann sé sin leis na bearta seo a leanas: Infheistíocht 2 Bonneagair oideachais a nuachóiriú; Infheistíocht 3 Oiliúint i scileanna digiteacha a sholáthar agus ardán don fhoghlaim aosach a chur ar bun; Infheistíocht 1 Clár chun dlús a chur le téarnamh agus claochlú eacnamaíoch trí thaighde agus nuálaíocht; Infheistíocht 6 Meitreo Shóifia - Líne 3; Athchóiriú 10 Soláthar poiblí; Infheistíocht 1 Cúram fadtéarmach a nuachóiriú; Infheistíocht 2 Feistí cúnaimh a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas buan agus Infheistíocht 3 Cúram síciatrach a nuachóiriú agus a fhorbairt. Ar an mbonn sin, d'iarr an Bhulgáir na clocha mhíle thuasluaite a leasú. Ós rud é go bhfuil údar le leasú na mbeart mar gheall ar na himthosca sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir sin.

(8) Mhínigh an Bhulgáir nach féidir sé bheart a bhaint amach a thuilleadh, de bharr easpa éilimh gan choinne. Baineann sé sin leis an méid seo a leanas: Infheistíocht 7

Treoirthionscadal maidir le teas is cumhacht in éineacht ó fhoinsí geoiteirmeacha; Athchóiriú 1 Creat straitéiseach na hearnála talmhaíochta a nuashonrú; Infheistíocht 2 An Córas Eorpach um Rialú Traenach - trealamh ar bord; Infheistíocht 5 Sábháilteacht ar bhóithre; Infheistíocht 4 Cáilíocht agus inbhuanaitheacht na seirbhísí slándála a fheabhsú agus Infheistíocht 6 An gcóras cumarsáide éigeandála náisiúnta 112 a fheabhsú. Ar an mbonn sin, d'iarr an Bhulgáir na clocha míle thuasluaite a leasú. Ós rud é go bhfuil údar le leasú na mbeart mar gheall ar na himthosca sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir sin.

(9) Mhínigh an Bhulgáir nach féidir cúig bheart a bhaint amach a thuilleadh i ngeall ar dhúshláin dhlíthiúla gan choinne. Baineann sé sin leis an méid seo a leanas: Infheistíocht 1 An cur chuige éiceachórais a chomhtháthú agus réitigh dhúlra-bhunaithe a chur i bhfeidhm ar chosaint láithreáin Natura 2000; Infheistíocht 1 Rothstoc iarnród; Infheistíocht 1 Clár chun córais soláthair uisce agus séarachais a thógáil/a chríochnú/atógáil, lena n-áirítear gléasraí cóireála fuíolluisce do cheirtleáin idir 2 000 agus 10 000 coibhéis daonra; Infheistíocht 3 An gheilleagair shóisialta a fhorbairt agus Infheistíocht 4 An Ghníomhaireacht um Chúnamh Sóisialta a nuachóiriú. Ar an mbonn sin, d'iarr an Bhulgáir na clocha míle thuasluaite a leasú. Ós rud é go bhfuil údar le leasú na mbeart mar gheall ar na himthosca sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir sin.

(10) Mhínigh an Bhulgáir nach féidir sé bheart a bhaint amach a thuilleadh i ngeall ar mhoilleanna gan choinne ar chur chun feidhme. Baineann sé sin leis an méid seo a leanas: Infheistíocht 2 Tacaíocht d'fhuinnimh in-athnuaite do theaghlaigh; Infheistíocht 3 Tacaíocht do chórais soilsithe sráide atá tíosach ar fhuinneamh; Infheistíocht 5 Treoirthionscadail chun hidrigin ghlas a tháirgeadh; Athchóiriú 1 Ceartas inrochtana, éifeachtach agus intuartha; Infheistíocht 8 Faireachán, rialú agus bainistiú spásúil tríd an Ionad Faireacháin Aeraspáis (AMC) a uasghrádú agus Infheistíocht 9 Sonraí a dhigitiú sna seirbhísí riaracháin ina bhfuil clárlanna páipéir. Ar an mbonn sin, d'iarr an Bhulgáir na clocha míle thuasluaite a leasú. Ós rud é go bhfuil údar le leasú na mbeart mar gheall ar na himthosca sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir sin.

(11) Mhínigh an Bhulgáir go ndearnadh 17 mbeart a leasú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun uaillmhian bhunaidh an bhirt a bhaint amach. Baineann sé sin leis an méid seo a leanas: Infheistíocht 1 Ionaid STEM agus nuálaíocht san oideachas; Infheistíocht 4 Ionaid óige; Athchóiriú 4 Borradh a chur faoi thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite trí bhillí fuinnimh; Athchóiriú 8 Léirscaoileadh an mhargaidh leictreachais; Athchóiriú 9 Treochlár maidir leis an Neodracht Aeráide; Infheistíocht 1 Tacaíocht chun stoc foirgneamh a athchóiriú; Infheistíocht 2 Digitiú na bpróiseas ón bhfeirm go dtí an forc; Athchóiriú 1 Creat straitéiseach iompair; Athchóiriú 2 Sábháilteacht ar bhóithre; Athchóiriú 5 Soghluaisteacht leictreach agus Infheistíocht 7 Soghluaisteacht ghlas; Athchóiriú 2 Leanúint d'athchóiriú na hearnála uisce; Athchóiriú 2 Frithéilliú; Athchóiriú 3 Idirghabháil bhreithiúnach éigeantach a thabhairt isteach; Infheistíocht 2 Feabhas a chur ar na dála maidir le diagnóis idirghabhálach agus cóireáil ionsoithíoch galar ceirbreashoithíoch agus dálaí a chruthú le haghaidh oiliúint iarchéime speisialtóirí i réimse na coireála ionsoithíche galar ceirbreashoithíoch sa Bhulgáir; Infheistíocht 5 An Ghníomhaireacht Fostaíochta a nuachóiriú; Infheistíocht 7 Cúram othar seachtrach a fhorbairt. Ar an mbonn sin, d'iarr an Bhulgáir na clocha míle thuasluaite a leasú. Ós rud é go bhfuil údar le leasú na mbeart mar gheall ar na himthosca sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir sin.

(12) Mhínigh an Bhulgáir go ndearnadh 35 bheart a leasú chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus cuspóirí na mbeart lena mbaineann á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin leis an méid seo a leanas: Athchóiriú 1 Athchóiriú san oideachas réamhscoile agus scoile agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil; Athchóiriú 1 Comhbheartas chun taighde agus nuálaíocht a fhorbairt; Infheistíocht 2 Cumas nuálaíochta Acadamh Eolaíochtaí na Bulgáire a fheabhsú; Infheistíocht 1 AttractInvestBG; Infheistíocht 2 An clár um chlaochlú eacnamaíoch; Athchóiriú 6 Borradh a chur faoi ghiniúint leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite; Athchóiriú 7 Acmhainneacht na dteicneolaíochtaí hidrigine agus táirgeadh agus soláthar hidrigine a scaoileadh; Athchóiriú 10 Dícharbónú na hearnála fuinnimh; Athchóiriú 11 Rialachas corparáideach cuideachtaí faoi úinéireacht stáit in earnáil an fhuinnimh a fheabhsú; Infheistíocht 4 Aistriú digiteach na heangaí tarchurtha leictreachais; Infheistíocht 8 Bonneagar náisiúnta chun leictreachas ó RES (RESTORE) a stóráil; Infheistíocht 1 Ciste chun aistriú teicneolaíoch agus éiceolaíoch na talmhaíochta a chur chun cinn; Athchóiriú 1 Creat éifeachtach beartais agus rialála a fhorbairt agus a chur chun feidhme; Athchóiriú 2 Úsáid éifeachtúil an speictrim radaimhinicíochta; Infheistíocht 1 Bonneagar digiteach a chur in úsáid ar mhórscála; Infheistíocht 2 Tógáil, forbairt agus leas iomlán a bhaint as an gcóras digiteach TETRA agus líonra sealaíochta raidió; Athchóiriú 3 Soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe; Athchóiriú 4 Iompar poiblí comhtháite; Athchóiriú 4 Nósanna imeachta dócmhainneachta a neartú; Athchóiriú 5 Athchóiriú digiteach earnáil tógála na Bulgáire; Athchóiriú 6 Athchóiriú ar an gclárlann chun leas a bhaint as acmhainneacht an ríomhrialtais; Athchóiriú 7 An gcreat rialachais d'fhiontair faoi úinéireacht stáit a fheabhsú; Athchóiriú 8 'An creat um an sciúradh airgid a chomhrac a neartú; Infheistíocht 1 Córas Faisnéise Aontaithe na gCúirteanna a neartú, a fhorbairt tuilleadh agus cur leis an gcóras sin; Infheistíocht 2 Digitiú na bpríomhphróiseas dlíthíochta sa cheartas riaracháin; Infheistíocht 3 Claochlú an bhonneagair faisnéise agus cumarsáide in Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí; Infheistíocht 6 Tacú le céim phíolótach chun samhaltú faisnéise foirgníochta a thabhairt isteach; Infheistíocht 11 Timpeallacht leordhóthanach faisnéise agus riaracháin a áirithiú chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme; Athchóiriú 1 Athchóiriú ar an scéim ioncaim íosta; Athchóiriú 2 Athchóiriú ar sheirbhísí sóisialta; Infheistíocht 6 Forbairt earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta; Infheistíocht 7 Digitiú ar bhailiúcháin músaem, leabharlann agus cartlann; Athchóiriú 1 Creat straitéiseach na hearnála cúraim sláinte a uasghrádú; Athchóiriú 3 Tarraingteacht gairmeacha cúraim sláinte a fheabhsú agus dáileadh níos cothroime gairmithe cúraim sláinte a chur chun cinn ar fud na críche; agus Infheistíocht 4 de comhchuid 13 (Caibidil REPowerEU) Tacaíocht d'acmhainneachtaí nua do ghiniúint leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite agus do stóráil leictreachais. Ar an mbonn sin, d'iarr an Bhulgáir na clocha mhíle thuasluaite a leasú. Ós rud é go bhfuil údar le leasú na mbeart mar gheall ar na himthosca sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir sin.

(13) Tar éis bearta a bhaint de réir Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, d'iarr an Bhulgáir úsáid níos mó a bhaint as na hacmhainní a saoradh trí bhearta a bhaint agus leibhéal a gcur chun feidhme a laghdú chun ceithre bheart nua a chur isteach agus an leibhéal cur chun feidhme a mhéadú i gcás naoi mbeart. Baineann sé sin leis an méid seo a leanas, Infheistíocht 9 Scéim fhóirdheontais – Athchóiriú foirgneamh cónaithe; Infheistíocht 8 Trealamh chun faireachán agus cothabháil a dhéanamh ar iarnróid agus línte chumhachta lastuas; Infheistíocht 9 Athchóiriú bonneagair iarnróid agus Infheistíocht 10 Rothstoc Nua le haghaidh Mheitreo Shóifia; Infheistíocht 2 An clár um chlaochlú eacnamaíoch; Infheistíocht 1 Rothstoc iarnród; Infheistíocht 6 Meitreo

Shóifia - Líne 3; Infheistíocht 7 Soghluaisteacht ghlas; Athchóiriú 10 Soláthar poiblí; Infheistíocht 4 Cáilíocht agus inbhuanaitheacht na seirbhísí slándála a fheabhsú; Infheistíocht 2 Feabhas a chur ar na dála maidir le diagnóis idirghabhálach agus cóireáil ionsoithíoch galar ceirbreashoithíoch agus dálaí a chruthú le haghaidh oiliúint iarchéime speisialtóirí i réimse na coireála ionsoithíche galar ceirbreashoithíoch sa Bhulgáir; Infheistíocht 3 Cúram síciatrach a nuachóiriú agus a fhorbairt; Infheistíocht 4 Córas aerárthach othair a thógáil.

***Dáileadh cloch míle agus spriocanna***

(14) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a mhodhnú chun na leasuithe ar an bplean agus an amlíne tháscach a chuir an Bhulgáir i láthair a chur san áireamh.

(15) Ba cheart athstruchtúrú foriomlán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, rud ar cheart comhdhlúthú na n-iarratas ar íocaíocht a bheith ina thoradh air.

***Measúnú an Choimisiúin***

(16) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(17) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Bhulgáir chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ST 8091/22 INIT; ST 8091/22 ADD 1 ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (c), (g), (h).

***Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar sciar suntasach de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha***

(18) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe go héifeachtach le haghaidh a thabhairt ar gach dúshlán (Rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha a dhírítear chuig an mBulgáir, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin, lena n-áirítear gnéithe fioscacha díobh, nó dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(19) Tar éis measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha ábhartha uile mar chuid de Sheimeastar Eorpach 2025, níl aon dul chun cinn suntasach déanta i réimsí a chumhdaítear le moltaí tírshonracha amhail an t-aistriú fuinnimh, iompar inbhuanaithe, cúram sláinte, oideachas agus scileanna, an t-aistriú digiteach agus codanna de thimpeallacht ghnó.

(20) Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe sraith fhairsing d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a chuidíonn le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta ar fad, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin, a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle chuig an mBulgáir i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe i

réimsí amhail cuimsiú sóisialta, oideachas agus scileanna, dícharbónú, an t-aistriú digiteach agus timpeallacht ghnó, agus cúram sláinte.

(21) Meastar go dtreiseoidh an chaibidil REPowerEU uaillmhian an phlean maidir leis na moltaí tírshonracha ábhartha i réimse an fhuinnimh agus an aistrithe ghlais, go háirithe 2020.3.5, 2020.3.6 agus 2020.3.7 maidir le hinfheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, go háirithe ar tháirgeadh fuinnimh agus acmhainní atá glan agus éifeachtúil agus úsáid an fhuinnimh agus na n-acmhainní sin, ar bhonneagar comhshaoil agus iompar inbhuanaithe, rudaí a rannchuidíonn le dícharbónú forchéimnitheach an gheilleagair, lena n-áirítear sna réigiúin ghuail, agus moladh tírshonrach 2024.4 maidir leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus dlús a chur leis an aistriú glas, acmhainneacht stórála leordhóthanach a áirithiú agus bonneagar na heangaí leictreachais a fheabhsú. Rannchuidíonn an caibidil REPowerEU freisin le moltaí tírshonracha 2024.4.2 maidir le haghaidh a thabhairt an mbochtaineacht fuinnimh agus 2023.3.5 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú.

*An prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'*

(22) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n- áiritheofar leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe nach ndéanfaidh aon bheart (Rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n- athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta sin, nach ndéanfaidh aon bheart dá leithéid dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(23) Na hathruithe a thugtar isteach leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, ní dhéanann siad difear don mheasúnú dearfach a rinneadh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh maidir leis an gcritéar measúnaithe sin.

(24) Maidir leis na hathchóirithe nua agus na hinfheistíochtaí nua a thugtar isteach sa chaibidil REPowerEU, rinne an Bhulgáir measúnú córasach ar gach beart i gcomhthéacs an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' i gcomhréir leis an Treoraíocht Theicniúil maidir le Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh (C/2023/111). Leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil, is féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil coinne leis go n-áiritheoidh an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe nach ndéanfaidh aon bheart dochar suntasach.

*Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU*

(25) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.12 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, meastar go rannchuideoidh an chaibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (Rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

(26) Meastar go rannchuideoidh cur chun feidhme na mbeart méadaithe agus na mbeart nua go díreach le cuspóirí REPowerEU (b), (c), agus (e) de réir Airteagal 21c(3) de

[4] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

Rialachán (AE) 2021/241. Le hathchóiriú 1 a bhaineann le creat rialachais a bhunú maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh agus léirscaoileadh an mhargaidh mhiondíola a hullmhú, agus infheistíocht 1 a bhaineann le córas faisnéise náisiúnta maidir le teaghlaigh fhuinneamhbhochta agus teaghlaigh leochaileacha, rannchuidítear le haghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh de réir Airteagal 21c(3)(c) de Rialachán (AE) 2021/241. Le hathchóiriú 2 déantar trédhearcacht na nósanna imeachta maidir le nascadh leis an eangach a mhéadú agus leis sin meastar go ndéanfar an úsáid a bhaintear as foinsí in-athnuaite fuinnimh a éascú agus go gcuirfear dlús leis an úsáid sin, agus dá bhrí sin, go rannchuidíonn an t-athchóiriú leis an gcuspóir a leagtar amach in Airteagal 21c(3)(b) de Rialachán (AE) 2021/241. Le hathchóiriú 3 maidir feidhmiú an mhargaidh chothromúcháin a fheabhsú agus éileamh-freagairt a chumasú, rannchuidítear le cuspóir Airteagal 21c(3)(e) de Rialachán (AE) 2021/241 maidir le haghaidh a thabhairt ar scrogaill inmheánacha agus trasteorann maidir le tarchur agus dáileadh fuinnimh. Le hinfheistíochtaí 2 agus 4 tugtar tacaíocht d'infheistíochtaí i stóráil leictreachais, agus dá bhrí sin rannchuidíonn siad leis an gcuspóir tacú le stóráil leictreachais agus dlús a chur le comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite[5]. Rannchuidíonn infheistíocht 3 a bhaineann le córais fhótavoltacha a shuiteáil agus feithiclí leictreacha a sholáthar le haghaidh saoráidí seirbhíse sóisialta le tacú le hiompar astaíochtaí nialasacha[6] agus le dlús a chur leis an úsáid a bhaintear as fuinnimh in-athnuaite[7].

***Bearta a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo***

(27) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (db), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.13 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint go mór (Rátáil A) leis na bearta a áirítear sa chaibidil REPowerEU.

(28) Tá gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag an gcuid is mó de na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU na Bulgáire.

(29) Is éard atá sna hinfheistíochtaí a bhfuil gné ilnáisiúnta agus trasteorann ag baint leo tacaíocht don leictriú, táirgeadh fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn agus foinsí fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú sa ghréasán, rudaí a laghdóidh éileamh na tíre ar bhreoslaí iontaise. Is é EUR 495 753 906 milliún san iomlán costais iomlána na mbeart sin, sin níos mó ná 30 % de chostais mheasta na caibidle REPowerEU.

| **Beart REPowerEU a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leis** | **Costais (EUR milliún)** | **Ranníocaíocht** |
|---|---|---|
| Beart méadaithe: Bonneagar náisiúnta chun leictreachas ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a stóráil (RESTORE) | 120,7 | 24 % |
| Córais Fhótavoltacha a shuiteáil agus Feithiclí Leictreacha a Sholáthar le haghaidh Saoráidí Seirbhísí Sóisialta | 33 | 7 % |

5 Airteagal 21c(3)(e) de Rialachán (AE) 2021/241.
6 Airteagal 21c(3)(e) de Rialachán (AE) 2021/241.
7 Airteagal 21c(3)(b) de Rialachán (AE) 2021/241.

| | | |
|---|---|---|
| Tacaíocht d'acmhainneachtaí nua do ghiniúint leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite agus do stóráil leictreachais | 342 | 68 % |

(30) Leis na bearta sin, laghdaítear an spleáchas ar bhreoslaí iontaise ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon, rud a thugann údar leis an measúnú go meastar go mbeidh gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint go mór (Rátáil A) leis na bearta a áirítear sa chaibidil REPowerEU.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(31) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chuireann go mór (Rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le suim arb é atá inti 49,9 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus 99,5 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030.

(32) Na bearta a baineadh nó a laghdaíodh i ndáil le leibhéal an chur chun feidhme is gá, níl tionchar ag na bearta sin ar uaillmhian fhoriomlán an phlean maidir leis an aistriú glas agus, sa chaibidil REPowerEU, déantar iarracht shuntasach chun tacaíocht bhreise a thabhairt d'aistriú glas na Bulgáire, ós rud é go gcuireann na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí go léir go dlúth leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus éascaíonn siad comhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh.

(33) Leanann an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU de bheith ag rannchuidiú go mór leis an aistriú glas, mar aon le spriocanna aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach agus an cuspóir Aontas aeráidneodrach a bheith ann faoi 2050 á chomhlíonadh an tráth céanna. Meastar go rannchuideoidh bearta REPowerEU leis an aistriú glas trí chomhtháthú fuinnimh in-athnuaite sa chóras a chur chun cinn agus trí rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(34) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (Rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le suim arb é atá inti 20,6 % í de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(35) Tá an measúnú dearfach ar an rannchuidiú leis an aistriú digiteach a thugtar i gCinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Bealtaine 2022 ón gComhairle fós bailí. Tá leasaithe ar 19 mbeart maidir leis an aistriú digiteach i gceist leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, baintear dhá bheart maidir leis an aistriú digiteach, agus ní áirítear leis bearta nua a rannchuidíonn leis an aistriú digiteach.

***Costáil***

(36) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid na gcostas iomlán measta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé (Rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(37) De réir na faisnéise a cuireadh ar fáil, léirítear sa mheasúnú ar na meastacháin ar chostais le haghaidh bhearta nua REPowerEU agus le haghaidh na mbeart atá ann cheana a raibh measúnú costais nua i gceist lena modhnuithe go bhfuil an chuid is mó de na costais réasúnta agus inchreidte. I líon fíorbheag cásanna, bhí teorainn leis na sonraí maidir leis an modheolaíocht agus na toimhdí a úsáideadh chun na meastacháin ar chostais a dhéanamh, mar gheall i bpáirt, mar gheall i bpáirt ar úrnuacht na mbeart. Cuireann sé sin bac ar rátáil A don chritéar measúnaithe seo. Ina theannta sin, bhí údar leis na hathruithe ar na meastacháin ar chostais i gcás na mbeart modhnaithe eile, bhí siad comhréireach leis na spriocanna athbhreithnithe nua agus thacaigh ríomhanna mionsonraithe agus fianaise leo, agus mar sin níor athraíodh réasúnaíocht ná sochreidteacht na meastachán sin ar chostais i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint***

(38) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus na bearta breise atá sa Chinneadh Cur Chun Feidhme seo ón gComhairle, is leormhaith iad (Rátáil A) chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus táthar ag súil leis na socruithe go ndéanfar maoiniú dúbailte faoin Rialachán sin agus faoi cláir eile an Aontais a sheachaint ar bhealach éifeachtach. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n- áirítear chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8].

(39) Ó rinneadh an measúnú a tháinig roimh an gceann seo, bhí rochtain ag an gCoimisiún ar fhaisnéis maidir le cur chun feidhme iarbhír chóras iniúchóireachta agus rialaithe na Bulgáire. Áirítear leis sin réamhthorthaí na hiniúchóireachta ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais arna ndéanamh ag an gCoimisiún sa Bhulgáir.

(40) I bhfianaise na faisnéise sin, measann an Coimisiún go bhfuil córas rialúcháin inmheánaigh plean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire leordhóthanach ar an iomlán.

***Aon chritéir mheasúnaithe eile***

---

[8] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

(41) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Bhulgáir chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (c), (g) agus (h).

***Comhionannas***

(42) Tá an tuairisc roimhe seo ar ghnéithe cur chun feidhme agus faireacháin an phlean agus ar an gcomhionannas inscne fós bailí. Chomh maith leis sin, le hinfheistíocht C13I1 'Córas faisnéise a bhunú maidir le teaghlaigh fhuinneamhbhochta agus teaghlaigh fuinnimh leochaileacha' agus athchóiriú C13R1 'Creat rialachais a bhunú maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh agus léirscaoileadh an mhargaidh mhiondíola a hullmhú', is é an cuspóir atá ann aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha tomhaltóirí atá bocht ó thaobh fuinnimh de agus tomhaltóirí leochaileacha, d'fhonn a gcosaint a áirithiú trí bhearta spriocdhírithe.

***Measúnú dearfach***

(43) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

***Ranníocaíocht airgeadais***

(44) Is é EUR 6 174 106 145 costais iomlána mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Bulgáire, lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Bhulgáir, an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Airteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Bulgáire, ba cheart gurb é EUR 5 688 778 600 an ranníocaíocht sin.

(45) De bhun Airteagal 21a(5) de Rialachán (AE) 2021/241, an 16 Aibreán 2025 chuir an Bhulgáir iarraidh isteach ar leithdháileadh an ioncaim dá dtagraítear in Airteagal 21a (1) den Rialachán sin, arna chomhroinnt idir na Ballstáit ar bhonn na dtáscairí a leagtar amach sa mhodheolaíocht in Iarscríbhinn IVa a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. Is é EUR 498 208 098 costais mheasta iomlán na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 21c_(3), pointí (b) go (f) de Rialachán (AE) 2021/241 a áirítear sa chaibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil an méid sin níos airde ná an sciar leithdháilte atá ar fáil don Bhulgáir, ba cheart go mbeadh an tacaíocht airgeadais neamh- inaisíoctha bhreise atá ar fáil don Bhulgáir cothrom leis an sciar leithdháilte. EUR 479 327 545 atá sa tsuim sin.

(46) Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755[7], an 28 Feabhra 2023 chuir an Bhulgáir iarraidh réasúnaithe isteach chun a leithdháileadh sealadach uile atá fágtha a aistriú ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid, is é sin EUR 6 000 000. Ba cheart an méid sin a chur ar fáil chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sa chaibidil REPowerEU mar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha bhreise.

(47) Ba cheart gurb é EUR 6 174 106 145 an ranníocaíocht airgeadais iomlán a bheidh ar fáil don Bhulgáir, lena n-áirítear caibidil REPowerEU.

(48) Maidir le Cinneadh Cur Chun Feidhme ST 8091/22 INIT; ST 8091/22 ADD 1 ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire, ba cheart é a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Bhulgáir mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Bulgáire a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a bhaineann le híocaíocht na tacaíochta airgeadais neamh- inaisíoctha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don Bhulgáir i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha dar luach EUR 6 174 106 145[9]. Áirítear ar an ranníocaíocht sin:

(a) suim EUR 4 636 043 337 - is é sin, an 70 % a bheidh le fáil lena ghealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022;

(b) suim EUR 1 052 735 263 - is é sin, an 30 % a bheidh le fáil lena ghealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023;

(c) suim EUR 479 327 545[10], i gcomhréir le hAirteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, go heisiach le haghaidh bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c den

[9] Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Bulgáire de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin, a asbhaint.

Rialachán sin, cé is moite de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c (3), pointe (a);

(d) méid EUR 6 000 000, arna aistriú ó Cúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid.

*Airteagal 2*
*Seolaí*

Is chuig an mBulgáir a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[10] Comhfhreagraíonn an tsuim sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Bulgáire de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Iarscríbhinn IVa a ghabhann leis an Rialachán sin, a asbhaint.